

Plean Straitéiseach OT Baile Átha Cliath 2024 - 2028



T
DUBLIN
OLLSCOIL TEICNEOLAÍOCHTA
BHAILE ÁTHA CLIATH
TECHNOLOGICAL
UNIVERSITY DUBLIN

Computing



Innéacs

Fáilte an Uachtaráin _____	1
Sracfhéachaint ar OT Baile Átha Cliath _____	2
Misean, Fís 7 Luachanna _____	3
Piléir Straitéiseacha _____	4
Amlíne an Rúin Straitéisigh _____	5
Comhthéacs Straitéiseach _____	6
Spriocanna do 2024-2028 _____	7

Fáilte an Uachtaráin

Ba í OT Baile Átha Cliath an chéad ollscoil teicneolaíochta a bunaíodh in Éirinn. Nuair a sheolamar [Rún Straitéiseach 2030](#) i mí Eanáir 2020, ba leis an bhfís ‘**Domhan Níos Fearr a Chruthú le Chéile**’ a bhí sé. Tar éis ghéarchéim dhomhanda phaindéim COVID, tá sé níos ábhartha anois ná riamh. Tá sé mar aidhm ag OT Baile Átha Cliath an fhís seo a sheachadadh trína hoideachas cleachtasbhunaithe agus trína cur i bhfeidhm eolais chun réitigh fíorshaoil a tháirgeadh.

Tá garspriocanna suntasacha bainte amach ag OT Baile Átha Cliath le blianta beaga anuas. Le cruthú ollscoil nua-aimseartha don fhoghlaim san 21ú haois, cuireadh struchtúr eagraíochta nua i bhfeidhm chun tacú lena misean, lena n-áirítear creatlach acadúil chomhleanúnach de 25 Scoil laistigh dá 5 Dhámh. Tríd an tréimhse seo d’athrú eagraíochtúil, choinnigh muid próifil acadúil éagsúil, ag seachadadh do 30,000 mac léinn agus ag bronnadh céim ar níos mó ná 8,000 in aghaidh na bliana. Fuair OT Baile Átha Cliath an stampa cáilíochta ceadaithe freisin ó Dhearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI), tar éis athbhreithniú rathúil ar éifeachtacht nósanna imeachta dearbhaithe cáilíochta na hOllscoile, a rinne painéal saineolaithe idirnáisiúnta.

Ag tacú le rath na mac léinn, tá seachadadh déanta ar beagnach 100,000 m² d’fhorbairt mhór campais úrnu. Osclaíodh CONNECT, Foirgneamh Sheirbhísí na Mac Léinn ar champas Bhaile Bhlainséir in 2019. D’ainneoin na ndúshlán a bhí roimh earnáil na tógála le linn na paidéime, cuireadh roinnt mórfhoirgnimh i gcrích ar an gcampas cathrach i nGráinseach Ghormáin. Áiríodh orthu sin an Chearnóg Lárnach, an Chearnóg Thoir agus an Teach Íochtair agus rinneadh an fód a iompú go hoifigiúil ar an Mol Acadúil agus Leabharlann nua in 2022. Osclaíodh Foirgneamh Eolaíochta Spórt, Sláinte agus Áineasa den chéad scoth in 2023 ar champas Thamhlachta. Leanfar leis na hoibreacha forbartha ar réimse tionscadal sna blianta amach romhainn.

Tá comhpháirtíocht fiontraíochta, pobail agus acadúil rithabhachtach d’OT Baile Átha Cliath agus d’éirigh linn maoiniú os cionn €25m a fháil faoi Thionscnamh Caipitil Dhaonna an Rialtais (HCI), a bhfuil sé mar aidhm aige cur leis an gcumas do chlár atá deartha chun freastal ar riachtanais scileanna tosaíochta. Ag obair i gcomhpháirtíocht le saineolaithe tionscail, tá OT Baile Átha Cliath i gceannas ar thrí mhórtionscadal HCI – Convène, GrowthHub agus Curaclaim Dearaidh

Leanann OT Baile Átha Cliath ar aghaidh ag tógáil a cuid gníomhaíochtaí idirnáisiúnaithe agus tá béim láidir againn ar



shoghluaisteacht idirnáisiúnta mac léinn. Tá glactha againn freisin leis an deis a bheith páirteach i bhforbairt Ollscoil Teicneolaíochta na hEorpa, a bhfuil an tAontas Eorpach ag tacú leis, comhaontas d’ocht n-ollscoil Eorpacha atá ag obair chun ollscoil teicneolaíochta na toadhchaí a chruthú.

Tá forbairt leanúnach déanta ag an Ollscoil ar a gníomhaíocht taighde 7 nuálaíochta, lena n-áirítear, mar shampla, Cathaoirleach Teicneolaíochta 7 Sochaí a bhunú, trí mhaoiniú ón gcomhlacht feidhmchlár néalríomhaireachta fiontraíochta, Workday Inc. Tá OT Baile Átha Cliath fós mar cheannaire ar ghníomhaíochtaí aistrithe eolais in ardoideachas na hÉireann. De réir mar a bhíonn taighde agus nuálaíocht ag díriú isteach níos mó ar an inbhuanaitheacht ar fud an domhain, tá OT Baile Átha Cliath mar chuid den chéad Líonra Teasa Dúiche ísealcharbóin in Éirinn agus tá sé ina ceannródaí freisin ar an gcéad tionscadal tollphoill gheoiteirmigh sa tír.

Ba éacht suntasach d’OT Baile Átha Cliath é an dámhachtain Chré-umha Institiúideach Athena SWAN agus leanfaimid orainn ag obair ar dhámhachtain breise, rud a léiríonn uaimhianta na hOllscoile maidir leis an gComhionannas, Éagsúlacht 7 Ionchuimsiú.

De réir mar a bhogann an Ollscoil isteach sa chéad chéim eile dá straitéis, aithnímid go leor de na hathruithe atá déanta ó 2020 i leith, go háirithe maidir leis an gcaoi a bhfeidhmíonn an domhan anois – le hobair 7 foghlaim chumaisc; ionchais éagsúla na bhfoghlaimoirí; agus an iliomad dul chun cinn maidir le taighde agus eolas a chruthú, lena n-áirítear tionchar na hintleachta saorga. Ag an am céanna, tá dúshlán mhóra fós ann a bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an gceartas sóisialta.

Tá plean straitéiseach OT Baile Átha Cliath go 2028 dá bhrí sin dírithe go fóill ar a trí cholún, Daoine, Domhan agus Comhpháirtíocht. Cuireann sé leis an ardán bunaithe ag an Ollscoil le roinnt blianta anuas agus tá sé mar aidhm aige a bheith claochlaitheach san eispéireas a thugann sé do gach mac léinn, ball foirne agus comhpháirtí OT Baile Átha Cliath gach lá. Tá spriocanna uaimhianacha leagtha síos againn do na cúig bliana amach romhainn agus tá súil againn go leanfaidh tú ar aghaidh ag siúl linn ar an turas spreagúil seo.

Ollamh David FitzPatrick
Uachtarán

Sracfhéachaint ar OT Baile Átha Cliath



3
campas




8
míle céimí
sa bhliain



29+
míle mac léinn



7
míle mac léinn
páirtaimseartha



1:16
cóimheas
foirne:mac léinn



3+
mhíle mac léinn
idirnáisiúnta ó 100 tír



1,000+
mac léinn ag obair le
heagraíochtaí pobail



ETIM
17%
den soláthar náisiúnta



Gnó
14%
den soláthar náisiúnta



Seirbhísí
20%
den soláthar náisiúnta



Printíseachtaí
Ceardaíochta 20%
den soláthar náisiúnta



26%
d'iontrálaithe nua fochéime
via **bealaí rochtana**



Breisoideachas
20%
d'iarratais náisiúnta



Foireann a bhfuil
Duaiseanna bainte
amach acu



Dámhachtain
Chré-umha
Athena SWAN



+38%
luach dámhachtana
taighde
(le trí bliana anuas)




11,000+
sliocht
(le trí bliana anuas)



+12Mhilliún
íoslódáil taighde
le rochtain oscailte
arrow@TUDublin

Réimse Staidéir



1,000+
comhoibriú
acadúil



800+
comhoibriú
le tionscal



Gníomhaíochtaí
Aistrithe
Teicneolaíochta
a bhfuil Duaiseanna
bainte amach acu



7,000m²
de spás
cothaithe



100+
gnólacht
nuathionscanta
gach bliain
(éascaithe ar campas)



200
fiontraí gach bliain
(ar chlár fiontraíochta
OT Baile Átha Cliath)

Misean, Fís 7 Luachanna

Tá Misean, Fís agus Luachanna na hOllscoile fós i gcroílár an Phlean Straitéisigh 2024-2028.



Piléir Straitéiseacha

Le linn cuid de na saincheisteanna is práinní ar domhan a réiteach agus a bheith réidh chun leas a bhaint as na deiseanna a thagann chun cinn, leanfaidh OT Baile Átha Cliath ag díriú ar na trí phríomhphiléar Daoine, Domhan agus Comhpháirtíochtaí.

- » **Daoine:** tá sé i gceist againn samhlaíocht na mac léinn, na foirne agus na gcomhpháirtithe a spreagadh agus tacú le daoine chun a gcuid inniúlachtaí a fhiosrú agus a gcumas iomlán a bhaint amach
- » **Domhan:** tá sé i gceist againn aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá os comhair an domhain agus tionchar dearfach a bheith againn ar an domhan agus ar dhaoine, agus ‘an t-oideachas’ mar inneall
- » **Comhpháirtíocht:** tá sé ar intinn againn an ollscoil is nasctha a fhorbairt; líonra fionnachtaithe, cruthaitheoirí agus fiontraithe a chothú; teagmháil a dhéanamh le daoine a éiríonn leo rudaí a chur i gcrích



DAOINE

Cothófar Tallann Aonair i nDomhan atá ag Athrú an tAm ar Fad



DOMHAN

Beifear mar Eiseamláir ó thaobh na hInbhuanaítheachta Beatha 7 Análaithe



COMHPHÁIRTÍOCHT

Déanfar Tionchar Comhroinnte a Sheachadadh

Amlíne an Rúin Straitéisigh

Tá OT Baile Átha Cliath ag tabhairt faoin dara céim dá Rún Straitéiseach 2030, ag tógáil ar an dul chun cinn atá déanta go dtí seo. Baineann an chéim seo le **Plean Straitéiseach 2024-2028**.



Comhthéacs Straitéiseach

Tá an tArdoideachas tar éis a bheith ag feidhmiú i ndomhan an-dinimiciúil. Bhí tionchar fadtéarmach ag mórimeachtaí domhanda ar shochaithe agus ar gheilleagair, agus tá dlús curtha ag ollscoileanna chun aghaidh a thabhairt ar go leor de na tionchair sin.


Bíonn margadh saothair agus geilleagar na hÉireann ag feidhmiú go láidir i gcónaí, ach i gcomhréir leis na treochoí domhanda, tá méadú ag teacht ar an athrú ar an éileamh scileanna a thugtar go príomha don dá aistriú a bhaineann leis an athrú aeráide agus leis an digitiú. Beidh uas-sciliú agus athsciliú suntasach de dhíth ar an bPlean Náisiúnta¹, um Ghníomhú ar son na hAeráide, ina leagtar amach spriocanna uailmhianacha fuinnimh. Cuireann an fhoghlaim chumaisc leis na deiseanna a chuirtear ar fáil do líon méadaitheach foghlaimoirí ar feadh an tsaol sa réimse seo agus i réimsí eile riachtanas scileanna. Bhí an phaindéim gan fasach agus chuir sí dlús le seachadadh oideachais ar líne. Tá infheistíocht leanúnach sa bhonneagar digiteach agus san intleacht shaorga ríthábhachtach chun bonn a chur faoi eispéireas oideachais ar ardchaighdeán agus chun feabhas a chur ar gach gné de thuras digiteach an mhic léinn.

Leanann píblíne na mac léinn atá ag dul isteach san oideachas tríú leibhéal in Éirinn ar aghaidh is ar aghaidh agus cé go bhfuil ceann de na gnóthachtálacha oideachais tríú leibhéal is airde ag an tír san AE² amach anseo is tosaíocht é córas ardoideachais níos cuimsithí a fhorbairt³. Is é an fhreagracht atá orainn ná gach duine a chothú agus tacú leo chun barr a gcumais a bhaint amach. Is cúis imní iad na rátaí coinneála agus cur i gcrích na mac léinn d'institiúidí ardoideachais, rud atá níos measa fós mar gheall ar COVID-19 agus beidh siad seo fós ina dtosaíocht le haghaidh a thabhairt orthu sna blianta amach romhainn.

Tá taighde agus nuálaíocht ríthábhachtach chun domhan níos fearr a chruthú. Tá sé i gceist i straitéis⁴ Taighde agus Nuálaíochta na hÉireann go mbeidh ollscoil teicneolaíochta ina catalaíoch do Thaighde agus Nuálaíocht trí chomhoibriú le fiontraíocht a chur chun cinn agus tá sé mar aidhm ag OT Baile Átha Cliath a cumas a fhorbairt go suntasach sa réimse seo.

Tar éis athbhreithniú a dhéanamh ar chúiseanna seachtracha agus measúnú déanta ar fheidhmíocht agus ar acmhainní na hOllscoile i gcomhthéacs riachtanais eacnamaíocha agus shochaithe níos leithne, bogann OT Baile Átha Cliath go dtí an chéad chéim eile dá straitéis anois agus tá réimsí fócais aitheanta don tréimhse 2024-2028. Leagtar amach na réimsí fócais sin arís faoinár dtrí philéar Daoine, Domhan agus Comhpháirtíocht, mar aon le sraith Áisitheoirí. Tá na spriocanna gaolmhara leagtha amach sa chéad chuid eile.

OT Baile Átha Cliath 2024-2028 Réimsí Fócais



¹ Plean um Ghníomhú ar son na hAeráide 2023

² Tuarascáil Théamach ar Ghnóthachtáil Oideachais POS 2022

³ Plean Rochtana Náisiúnta 2022 -2028

⁴ Tionchar 2030: Straitéis Taighde 7 Nuálaíochta na hÉireann

Piléar Daoine 2024-2028

Rún Straitéiseach 2030 Tosaíochtaí Spriocanna 2024-2028		PTF	Spriocanna 7 Amlínte
Réimse Fócais: Oideachas Claochlaitheach			
<p>Ag Cothú Meonta Éirimiúla, Cruthaitheachta 7 Uaillmhéine</p> <p>7</p> <p>Ag Cruthú Cosáin Oideachais do Gach Duine</p>	<p>Mar bhonn taca ag ár n-oideachas claochlaitheach, tá sé mar aidhm againn rolluithe na hOllscoile a mhéadú – ag mealladh mic léinn nua agus ilchineálacha agus ag cinntiú go n-éireoidh lenár gcuid foghlaimoírí le rátaí dul chun cinn agus bronnadh céime méadaithe agus taití fhoriomlán fheabhsaithe mac léinn.</p>	<p>Rolluithe mac léinn – Uimhreacha earcaithe (nua 7 leanúnach)</p> <p>Rath mac léinn – Uimhreacha ag dul chun cinn 7 ag baint amach céime</p> <p>Beart sástachta mac léinn</p>	<p>» Líon iomlán rolluithe na mac léinn a mhéadú 12% os cionn bhonnlíne 2023</p> <p>» Céatadán na n-iontrálaithe nua a dhéanann dul chun cinn ag leibhéal disciplín agus bronnata a mhéadú go dtí an norm náisiúnta ar a laghad</p> <p>» Feabhas a chur ar thaití na mac léinn ionas go mbeidh 85% de mhic léinn sásta lena n-eispéireas ollscoile OT Baile Átha Cliath de réir Shuirbhé Náisiúnta na Mac Léinn</p>
<p>A bheith Domhanda</p>	<p>Is é an uaillmhian atá againn ná cur ar chumas ár gcuid mac léinn feasacht agus inniúlachtaí a fhorbairt maidir le bheith ag feidhmiú agus ag obair i gcomhthéacsanna ilchultúrtha, trí thimpeallacht a chruthú a mheallann líon méadaithe mac léinn idirnáisiúnta chun staidéar a dhéanamh in OT Baile Átha Cliath agus a chuireann chun cinn agus a thacaíonn le mic léinn atá ag gabháil do dheiseanna soghluaisteachta thar lear, Erasmus san áireamh.</p>	<p>Rolluithe mac léinn idirnáisiúnta</p> <p>» Táilí Neamh-AE</p> <p>» Soghluaisteacht</p>	<p>» Beidh mic léinn idirnáisiúnta mar chéatadán 10% de dhaonra lánaimseartha na mac léinn</p> <p>» Soghluaisteacht mac léinn (Erasmus) mar chion rolluithe fochéime lánaimseartha a mhéadú, go meán ollscoileanna réigiún Bhaile Átha Cliath</p>
Réimse Fócais: Ag Spreagadh Forbairt Campais			
<p>Ag Cruthú Áit don tSamhlaíocht 7 don Inspioráid</p>	<p>Le máistirphlean le haghaidh breis agus 200,000 m² d'fhorbairt, táimid ar an eolas faoi na dúshláin leanúnacha bainteach leis an tógáil agus is é an aidhm atá againn ná:</p> <p>» Cur i gcrích na bhforbairtí campais atá ar siúl faoi láthair</p> <p>» Forbairtí ábhartha nua ag céim na foirgníochta a chur chun cinn, mar atá leagtha amach sa Mháistirphlean Ollscoile, agus</p> <p>» An úsáid is fearr is féidir a bhaint as bonneagar caipitil chun spriocanna inbhuanaitheachta comhshaoil agus airgeadais a bhaint amach</p>	<p>Seachadadh bonneagair chaipitil</p> <p>An úsáid is fearr is féidir a bhaint as bonneagar caipitil</p>	<p>» 22,000 m² d'fhorbairtí atá ar siúl in 2023 le bheith críochnaithe faoi 2028</p> <p>» 15,000 m² d'fhorbairtí nua le tabhairt go dtí an chéim thógála faoi 2028</p> <p>» An úsáid is fearr is féidir a bhaint as 50% d'fhoirgnimh ar a laghad, de réir tagarmharcanna sainithe</p>

Piléar Daoine 2024-2028

Rún Straitéiseach 2030 Tosaíochtaí	Spricanna 2024-2028	PTF	Spricanna 7 Amlínte
Réimse Fócais: Eiseamláir CÉI			
Ag Cruthú Áit don tSamhlaíocht 7 don Inspioráid	Tá sé i gceist againn ár gcuid uailmhianta CÉI a chur chun cinn thar thréimhse an phlean, trí Phleananna Gníomhaíochta CÉI a chur i gcrích go rathúil.	Seachadadh rathúil Pleananna Gníomhaíochta CÉI (meastóireacht san áireamh)	<p>Athena Swan (gnóthachtáil deimhniúcháin)</p> <ul style="list-style-type: none"> » Dámhachtainí Dáimhe 7 Roinne (2023-2025) » Athnuachan ar dhámhachtain Chré-umha Institiúideach faoi 2025 » Iarratas ar dhámhachtain Airgid Institiúideach faoi 2028 <p>Plean Comhionannais Chiníoch</p> <ul style="list-style-type: none"> » Prionsabail an Fhrithchiníochais d'Institiúidí Ardoideachais na hÉireann a leabú sa Phlean Comhionannais Chiníoch (2021-2026) » Iarratas a dhéanamh ar Chairt Comhionannais Chiníoch Advance HE faoi 2026 » Plean Gníomhaíochta nua a fhorbairt agus a chur i gcrích faoi 2028 <p>Plean ESVH</p> <ul style="list-style-type: none"> » Pleananna ESVH le seachadadh faoi 2028
Réimse Fócais: Daoine mar Fhócas Lárnach			
An Dúil a bheith Rathúil á Cur Chun Cinn	<p>Agus ár gcuid daoine mar fhócas lárnach, lorgóimid Creidiúnú Fostóra cúí, chun timpeallacht thacúil na hOllscoile atá dírithe ar dhaoine a léiriú.</p> <p>Beidh cur i gcrích Phlean Dhaoine na hOllscoile rithábhachtach agus díreofar ar thrí shnáithe idirnasctha:-</p> <ul style="list-style-type: none"> » Cultúr a chothú a thugann aire » Ár gcuid daoine cumasacha a mhealladh, a spreagadh agus a choinneáil » Feabhas a chur ar thaithí ár gcuid fostaithe 7 ár seirbhís AD a athrú ó bhonn 	<p>Creidiúnú Fostóra a bhaint amach</p> <p>Seachadadh Plean Daoine</p>	<ul style="list-style-type: none"> » Creidiúnú Fostóra a bhaint amach faoi 2028 » Seachadadh Plean Daoine OT Baile Átha Cliath faoi 2028, lena n-áirítear:- <ul style="list-style-type: none"> • Creatlach gairme acadúil Ollscoile a bhunú * • Rannpháirtíocht na foirne agus leibhéil sástachta a bhaint amach ar aon dul le tagarmharcanna san earnáil ardoideachais • Baill foirne chumasacha a earcú agus a choinneáil ar leibhéil atá comhionann le noirm earnála • Infheistíocht in oiliúint agus i bhforbairt, mar chéatadán de chaitheamh na hOllscoile, ar aon dul le noirm na hearnála <p><small>* i gcomhar leis an Rialtas agus le comhpháirtithe earnála agus i gcomhréir le moltaí ECFE</small></p>

Piléar Domhan 2024-2028

Rún Straitéiseach 2030 Tosaíochtaí Spriocanna 2024-2028		PTF	Spriocanna 7 Amlínte
Réimse Fócais: Ceannaireacht Inbhuanaitheachta			
<p>A bheith inár nEiseamláir don Inbhuanaitheacht</p> <p>7</p> <p>Saoránaigh Dhomhanda Fhreagracha a Chruthú</p>	<p>Tá sé i gceist againn ár gcuid uailmhianta a chur chun cinn le bheith ar cheann de na hollscoileanna is inbhuanaithe – tacóidh ceannaireacht agus gníomhartha a dhéanfar sa chéim seo dár straitéis le cinntiú go mbeidh OT Baile Átha Cliath neodrach ó thaobh carbóin de faoi 2040.</p> <p>Cinnteoimid go nglacfaidh gach ball foirne agus gach mac léinn páirt in oideachas agus oiliúint inbhuanaitheachta sa tréimhse sin, chun an t-eolas, na scileanna agus na huirlisí iomchuí a chur ar fáil dóibh chun cabhrú le dul i ngleic go héifeachtach leis an gclár oibre inbhuanaitheachta.</p>	<p>Spriocanna an Treochláir maidir le Gníomhú ar son na hAeráide a bhaint amach laistigh den tréimhse ama, go sonrach –</p> <ul style="list-style-type: none"> » Laghdú ar astaíochtaí gás ceaptha teasa » Méadú ar éifeachtúlacht fuinnimh <p>Líon na mball foirne agus na mac léinn atá ag gabháil d’oideachas agus d’oiliúint inbhuanaitheachta agus d’oibríochtaí</p>	<p>Spriocanna a bhaineann leis an gcampas*</p> <ul style="list-style-type: none"> » Laghdú 46.5% ar astaíochtaí gás ceaptha teasa faoi 2028 » Méadú 45% ar éifeachtúlacht fuinnimh faoi 2028 <p><i>* ag brath ar infheistíocht airgeadais a bheith ar fáil</i></p> <p>Spriocanna oideachais agus oiliúna agus oibríochtaí</p> <ul style="list-style-type: none"> » Beidh gach ball foirne agus gach mac léinn ag gabháil d’oideachas agus oiliúint inbhuanaitheachta faoi 2028 » Rátáil Ollscoile STARS @ le baint amach faoi 2027
Réimse Fócais: Uailmhian Taighde 7 Nuálaíochta			
<p>Dul i nGleic le Dúshlán Dhomhanda</p> <p>7</p> <p>Eolaíocht Oscailte, Nuálaíocht Oscailte, a bheith Oscailte don Domhan</p>	<p>Tá sé mar aidhm againn gníomhaíocht taighde na hOllscoile a fhás – ag leathnú cion na foirne atá gníomhach sa taighde; luach an mhaoinithe taighde a mhéadú; agus líon na mac léinn taighde iarchéime a mhéadú.</p> <p>Is mian linn ról ceannaireachta OT Baile Átha Cliath maidir le haistriú eolais in Ardoideachas na hÉireann a threisiú, agus líon na gceadúnas a dheonaítear le haghaidh feidhm thráchtála a mhéadú chomh maith le líon na ngnólachtaí nuathionscanta cruthaithe/tacaithe.</p> <p>Tá sé i gceist againn tógáil ar na creatlacha fiontraíochta atá ann laistigh den Ollscoil agus i measc ár guid comhpháirtithe – ‘bíodh sé de mhisneach agat a bheith samhlaíoch’ agus chun meon fiontraíochta a fhorbairt agus a leabú i bpobal OT Baile Átha Cliath agus chun tacú le cruthú táirgí agus fiontair nuathionscanta nua.</p>	<p>Fás sa gníomhaíocht taighde</p>	<ul style="list-style-type: none"> » % den fhoireann a bhfuil dochtúireachtaí acu de réir Acht OT le bheith ag 50% (60%) * » % den fhoireann acadúil atá gníomhach sa taighde le bheith ag 23% (25%) * » Taighdeoirí larchéime mar % d’uimhreacha L8-L10 de réir Acht OT le bheith ag 5% (6.5%) * » Luach € de na dámhachtainí maoinithe taighde le bheith ag €32m (€40m)* <p><i>*Tá na spriocanna deiridh ag brath ar dheireadh a bheith curtha leis na srianta atá ann faoi láthair ar OTanna Éireannacha agus ar shamhail nua maidir le hualach oibre agus creat gairme don earnáil OT a bheith curtha i bhfeidhm in 2024/25 i gcomhréir leis na moltaí i dtuarascáil ECFE.</i></p>
		<p>Fás sa gníomhaíocht Aistrithe Eolais</p>	<p>Faoi 2028, áit a bheith bainte amach mar cheann de na trí ollscoil is fearr go náisiúnta i dtéarmaí</p> <ul style="list-style-type: none"> » Líon na gceadúnas a deonaíodh agus seach-chuideachtaí a cruthaíodh as maoin intleachtúil na hOllscoile, i gcoibhneas le caiteachas taighde » Líon na bhfiontraithe ar tacaíodh leo gach bliain trí chlár forbartha fiontraíochta na hOllscoile

Piléar Comhpháirtíochta 2024-2028

Rún Straitéiseach 2030 Tosaíochtaí Spriocanna 2024-2028		PTF	Spriocanna 7 Amlínte
Réimse Fócais: Comhpháirtíochtaí le haghaidh Tionchair			
Líonra Dlúth	Leanfaimid orainn ag tógáil agus ag fás ár gcuid comhpháirtíochtaí gníomhacha ar fud na hacadúlachta, na tionsclaíochta, an phobail agus na sochaí, chun fíorluach agus fíorthionchar a chruthú do phobal OT Baile Átha Cliath agus don tsochaí i gcoitinne.	Fás sna comhpháirtíochtaí	» Comhpháirtíochtaí gníomhacha a mhéadú 10%

Áisitheoirí Straitéiseacha 2024-2028

Spriocanna 2024-2028	PTF	Spriocanna 7 Amlínte
Réimse Fócais: Inbhuanaitheacht Airgeadais		
Díreoidh muid ar ioncam éagsúlaithe a fhás don Ollscoil agus éifeachtúlachtaí a bharrfheabhsú, chun an deaslámhacht airgeadais ar gá leis le haghaidh deiseanna straitéiseacha agus infheistíochta a chur ar fáil.	Inbhuanaitheacht airgeadais a choinneáil	<ul style="list-style-type: none"> » Íosbharrachas bliantúil 4% faoi 2028 a bhaint amach » Ioncam éagsúlaithe a fhás go 30% den ioncam iomlán faoi 2028 » Éifeachtúlacht a bhaint amach i ngach aonad trí Shamhail Costála Ollscoile agus Samhail Leithdháileadh Acmhainní a chur i bhfeidhm
Réimse Fócais: Solúbthacht 7 Gastacht Eagraíochtúil		
Tá sé mar aidhm againn roinnt clár claochlaithe a chur ar fáil chun a chinntiú go mbeidh OT Baile Átha Cliath in ann feidhmiú mar eagraíocht sholúbtha agus shofhreagrúil.	Cláir chlaochlaithe curtha ar fáil don raon feidhme Comhlíonadh seirbhíse feabhsaithe go spríocleibhéil	<ul style="list-style-type: none"> » Seachadadh Cláir Chlaochlaithe don raon feidhme agus amlíne » Comhlíonadh seirbhíse a fheabhsú go leibhéil tagarmhairc chomhaontaithe in Earnáil AO
Réimse Fócais: Claochlú Digiteach		
Cuirfimid Plean um Chlaochlú Digiteach ar fáil lena gcuirfear creatlach ar fáil le haghaidh turas eisceachtúil do pháirtithe leasmhara, lena dtacófar le rath na mac léinn agus le rannpháirtíocht shothuigthe don fhoghlaimoir nua-aimseartha.	Luach seachadta laistigh den Plean um Chlaochlú Digiteach	<ul style="list-style-type: none"> » Feabhas a chur ar eispéireas an úsáideora a leagtar amach sa Plean um Chlaochlú Digiteach, thar an tréimhse go 2028
Réimse Fócais: Brandáil 7 Cumarsáid Margaíochta		
Méadóimid go mór feasacht ar OT Baile Átha Cliath, in Éirinn ar an gcéad dul síos agus níos mó ar fud an domhain ina dhiaidh sin.	Méadú ó thaobh feasacht neamhspreagtha ar OT Baile Átha Cliath i measc gach duine fásta Méadú ar ár sciar de chéadroghanna deiridh CAO ag Leibhéal 8	<ul style="list-style-type: none"> » Méadú ó thaobh feasacht neamhspreagtha i measc daoine fásta a mhéadú faoi thrí faoi 2028 » Céadroghanna CAO ag Leibhéal 8 a mhéadú pointe céatadán os cionn na bonnlíne

OT Baile Átha Cliath

Plean Straitéiseach 2024-2028



**Domhan Níos
Fearr á Chruthú**

RP: strategy@tudublin.ie

SG: tudublin.ie

